**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 14 Márta 2019**
**(OR. en)**

**2018/0298 (COD)**

**PE-CONS 13/19**

**MAR 13**
**PREP-BXT 19**
**CODEC 172**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas |

**RIALACHÁN (AE) 2019/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 a mhéid a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 62, 15.2.2019, lch. 298.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thíolaic an Ríocht Aontaithe fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, eadhon ón 30 Márta 2019, mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Is iad Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le chéile an creat rialála le haghaidh ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí aitheanta cigireachta, suirbhéireachta agus deimhniúcháin loinge.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, tá an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát a thíolaic an iarraidh ábhartha ar aitheantas eagraíochta, le measúnú a dhéanamh ar eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge atá aitheanta ar leibhéal an Aontais ag an gCoimisiún ("eagraíochtaí aitheanta") ar bhonn rialta agus ar a laghad gach dhá bhliain.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

[2] Treoir 2009/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus do ghníomhaíochtaí ábhartha riarachán muirí (IO L 131, 2009, lch. 47).

(4) Ar mhaithe leis an gcóir chomhionann, na heagraíochtaí sin ar thug an Ballstát ábhartha aitheantas dóibh ar dtús i gcomhréir le Treoir 94/57/CE ón gComhairle[1], agus a bhfuil aitheantas ón Aontas acu faoi láthair faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, tá an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát a thug an t aitheantas dóibh ar dtús, le measúnú a dhéanamh ar na heagraíochtaí sin.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, d'fhonn leanúint dóibh ag tairbhiú d'aitheantas ón Aontas, ní mór d'eagraíochtaí aitheanta leanúint de na ceanglais agus na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh. Fíoraítear sin leis an measúnú leanúnach a dhéanann an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag measúnuithe rialta i dtaca le haitheantas leanúnach eagraíochtaí.

(6) Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, ní bheidh sí in ann páirt a ghlacadh a thuilleadh sna measúnuithe a dhéantar de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

---

1 Treoir 94/57/CE ón gComhairle an 22 Samhain 1994 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge agus do ghníomhaíochtaí ábhartha riarachán muirí (IO L 319, 12.12.1994, lch. 20).

(7) Na heagraíochtaí aitheanta ar thug an Ríocht Aontaithe aitheantas dóibh ar dtús, tá aitheantas ón Aontas acu faoi láthair agus tá cúraimí a bhaineann le cigireacht, suirbhéireacht agus deimhniú long tugtha ag Ballstáit eile dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2009/15/CE. Ba cheart, dá réir sin, Airteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 a leasú chun a áirithiú go leanfaidh na heagraíochtaí sin de bheith faoi réir measúnú i gcomhréir le ceanglais na forála sin.

(8) Ba cheart, freisin, na hoibleagáidí faireacháin agus formhaoirseachta atá le comhlíonadh ag na Ballstáit faoi láthair faoi Airteagal 9 de Rialachán 2009/15/CE a chur san áireamh. I dtaca leis sin, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis an mBallstát nó leis na Ballstáit a thug údarás don eagraíocht aitheanta ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2009/15/CE, an measúnú a dhéanamh ar eagraíochtaí aitheanta faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

(9) Chun comhordú na ngníomhaíochtaí náisiúnta agus ghníomhaíochtaí an Aontais a áirithiú i dtaca leis an bhfaireachán ar eagraíochtaí aitheanta, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe agus dea-chleachtais a shainaithint agus a mhalartú chun dúbláil oibre a sheachaint agus chun an úsáid is fearr a bhaint as na cumais agus acmhainní atá ann cheana.

(10) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar bhonn práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith ag aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 d’fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBallstát nó leis na Ballstáit a thug údarás do na heagraíochtaí aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Threoir 2009/15/CE, measúnú ar gach eagraíocht aitheanta, ar bhonn rialta agus ar a laghad gach dhá bhliain, chun a fhíorú go bhfuil na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus na critéir íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo á gcomhlíonadh acu. Teorannófar an measúnú do ghníomhaíochtaí sin na n-eagraíochtaí aitheanta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.".

*Airteagal 2*

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le héifeachtaí an Rialacháin seo tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón lá tar éis an lae a scoirfidh Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*